



An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026
(OR. en)

10125/26

ECOFIN 734
UEM 212
SOC 322
EMPL 151
COMPET 681
ENV 624
EDUC 206
ENER 323
JAI 735
GENDER 62
JEUN 103
SAN 399
ECB
EIB

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Meitheamh 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 209 final
Ábhar:	Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Spáinne

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 209 final.

Faoi iamh: COM(2026) 209 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 209 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus
bhuiséadacha na Spáinne**

{SWD(2026) 209 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Spáinne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fóna inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha, agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.
- (2) An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún an togra uaidh le haghaidh rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán

¹ Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, an 30 Aibreán 2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj>).

(AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ⁽²⁾. Is é is aidhm don togra éifeachtacht an chistithe ón Aontas a mhéadú trí ilroinnt an ollstruchtúir airgeadais a laghdú agus trí thacú leis na Ballstáit a mbeartas eacnamaíoch a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 175 CFAE.

- (3) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithe an Coimisiún inti go bhfuil an Spáinn ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirí Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ⁽³⁾ an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.
- (4) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaitheann ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Tá an Seimeastar Eorpach ailínithe leis an gCompás Iomaíochais, rud a áiríonn go bhfuil beartais eacnamaíoch na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.
- (5) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ⁽⁴⁾. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshlán uile a sainaitheodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshlán sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshlán arna sainaitheint sna moltaí tírshonracha.

² Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 - COM/2025/565 final. Tá an Rialachán atá beartaithe á chaibidliú leis na comhreachtóirí faoi láthair.

³ IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj>.

⁴ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, an 18 Feabhra 2021, lch. 17, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj>).

- (6) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir leis an Spáinn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Spáinn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne a mheas. Ar bhonn na hanailise sin, sainithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Spáinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Spáinne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspríocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.
- (7) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Spáinne⁽⁵⁾. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 7 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 3,7 % in 2025, 3,5 % in 2026, 3,2 % in 2027 agus 3,0 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 9,2 % in 2025, 13,0 % in 2026, 16,6 % in 2027 agus 20,1 % in 2028.
- (8) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Tá iarrtha ag an gCoimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocráithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach⁽⁶⁾ agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón Spáinn, an [dáta], agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Spáinn imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlancaiteachais⁽⁷⁾. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028) beidh an Spáinn in ann tosaíochtaí nua a thabhairt do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nár bhaol d'inhuanaitheacht fhioscach sa mheántearma caiteachas ar chosaint a bheidh níos airde go marthanach.
- (9) An 30 Aibreán 2026, chuir an Spáinn a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn do 2026 isteach⁽⁸⁾, tuarascáil maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh, maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdúshláin a sainithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairiscíú débhlíantúil na Spáinne i ndáil leis

⁵ Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Spáinne (IO C, C/2025/643, an 10 Feabhra 2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2025/643/oj>).

⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas méadaithe ar chosaint laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

⁷ Moladh ón gComhairle an [dáta] lena gceadaítear don Spáinn imeacht ó uasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú) (IO [IO: cuir isteach na tagairtí IO ábhartha])

⁸ Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn le fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_ga

an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

- (10) In 2025, ba é 2,8 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,7 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 2,4 % in 2026 agus faoi 1,9 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,0 % ann in 2026 agus 2,5 % in 2027.
- (11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil⁽⁹⁾, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Spáinne ó easnamh 3,2 % de OTI in 2024 go heasnamh 2,4 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 feidhmíocht láidir ioncaim agus deireadh a bheith curtha de réir a chéile le bearta a bhaineann le fuinneamh. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 2,4 % de OTI in 2026 agus 2,0 % de OTI in 2027. Den chuid is mó, léiríonn an cobhsú in 2026 na forbairtí dearfacha ioncaim lena gcúitítear na tacaí éagsúla beart chun iarmhairtí na dtuile i roinnt réigiún agus na géarchéime sa Mheánoirthear a mhaolú. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2027 costas níos ísle na mbeart éigeandála a bhaineann le tuilte agus dul in éag na mbeart a bhaineann le fuinneamh.
- (12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach⁽¹⁰⁾, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach den chuid is mó in 2025. Réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnach, faoi 0,3 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh sí crapthach, faoi 0,5 % de OTI, in 2027.
- (13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil⁽¹¹⁾, tháinig laghdú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Spáinne ó 101,6 % de OTI ag deireadh 2024 go 100,7 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais in 2025 fás OTI ainmniúil láidir agus an laghdú ar an easnamh. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go laghdóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 99,6 % faoi dheireadh 2026 agus go laghdóidh sé a thuilleadh go 98,9 % faoi dheireadh 2027. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú in 2026 fás OTI ainmniúil atá níos mó ná costais seirbhísithe fiachais. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais in 2027 an fás aschuir ainmniúil agus an laghdú ar easnamh.
- (14) Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, 1,0 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Spáinne ar chosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,1 pointe céatadán de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2024. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 1,2 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,3 pointe céatadán de OTI i gcomparáid le 2024.

⁹ Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

¹⁰ Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántearmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

¹¹ Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

- (15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírthe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an Spáinn chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú⁽¹²⁾. Ar na bearta sin tá laghduithe neamhspríocdhírthe ar CBL ar bhreoslaí, leictreachas agus gás nádúrtha, chomh maith le laghduithe neamhspríocdhírthe ar dhleachtanna máil ar leictreachas agus bhreoslaí. Ina theannta sin, thug na húdaráis bearta tacaíochta spriocdhírthe isteach, amhail fóirdheontais d'oibreoirí iompair gairmiúla agus d'fheirmeoirí, cabhair dhíreach do thionscail leictridhiana, laghduithe ar mhuirir líonra leictreachais, agus tacaíocht do scéimeanna bónais shóisialta theirmigh agus do stóráil breosla faoi thalamh. Meastar go rachaidh formhór na mbeart sin in éag faoin 30 Meitheamh 2026, cé go mbeidh cuid acu i bhfeidhm go dtí go luath in 2027. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é timpeall 0,3 % de OTI a bheidh i gcostas fíoscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta uile sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,6 % de OTI a bheadh sa chostas fíoscach a bhaineann leo sa bhliain sin.
- (16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa Spáinn faoi 4,8 % in 2025 agus is fás carnach 9,3 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,4 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanachaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,1 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar mheastacháin atá ann faoi láthair maidir le caiteachas cosanta.
- (17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Spáinn faoi 5,1 % in 2026 agus gur fás carnach 14,9 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,6 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanachaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,7 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, 0,4 % de OTI atá i gceist le diall carnach réamh-mheasta an ghlanachaiteachais.
- (18) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Spáinne, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Agus an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Dhun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil cur chun feidhme phríomhchéimeanna na n-athchóirithe a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2026 ar an mbóthar ceart den chuid is mó. Tá measúnú fós á dhéanamh ar an athchóiriú cánach agus déanfar measúnú ar an athchóiriú ar shochair chánach, mar aon le dhá chéim a

¹² Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

bhaineann le haistriú digiteach an oideachais faoin íocaíocht dheireanach den phlean téarnaimh agus athléimneachta. A mhéid a bhaineann leis na bearta chun feabhas a chur ar bhainistiú míchumais shealadaigh, shínigh formhór na réigiún comhaontuithe comhpháirtíochta leis an Institiúid Náisiúnta Slándála Sóisialta ach níor shínigh ach trí réigiún agus an dá chathair fhéinrialaitheacha na comhaontuithe le cumainn fhrithpháirteacha. Maidir le homalógú dioplómaí, glacadh ordú aireachta agus cuireadh i bhfeidhm é, lena leagtar síos teoracha maidir leis na nósanna imeachta formheasta agus coibhéise le haghaidh cáilíochtaí ollscoile eachtracha. Measann an Coimisiún gur chomhlíon an Spáinn a gealltanais ar bhealach sásúil ar an iomlán ⁽¹³⁾.

- (19) Tháinig méadú ar mheánsciar na gcánacha saothair in ioncam cánach iomlán na Spáinne ó 48.7 % ar an meán i bhfothréimhse 2015-2019 go 51.8 % i bhfothréimhse 2020-2024, agus d'fhan meán an Aontais gan athrú ag 51.4 % le linn na tréimhse céanna. Is é ioncam níos airde ó chánacha saothair is cúis le 90 % den mhéadú ar ualach cánach na Spáinne le 10 mbliana anuas, rud a léiríonn spleáchas atá ag dul i méid ar chánachas saothair. Neamh-innéacsú réimeanna cánach ioncaim phearsanta agus méaduithe ar rátaí slándála sóisialta, tá siad tar éis dlús a chur le haistriú na Spáinne i dtreo cánachas saothair. Mar sin féin, tá ioncam ó cháin saothair mar sciar de OTI (19.0 % in 2024) fós faoi bhun mheán an Aontais (20.3 %). Os a choinne sin, tá an t-ioncam ó thomhaltas agus ó chánacha comhshaoil faoi bhun mheán an Aontais, mar sciar de OTI agus mar sciar den ioncam cánach iomlán araon. 1.6 % de OTI a bhí in ioncam ó cháin chomhshaoil sa Spáinn, i gcomparáid le 2.1 % san Aontas. Tá na bearnaí beartais CBL is mó san Aontas ag an Spáinn, mar thoradh ar cheann de na bearnaí is airde sa ráta CBL agus ar an mbearna díolúine CBL náisiúnta is airde atá bunaithe ar bheartas. I measc na gcatagóirí ina bhfuil feidhm ag rátaí fabhracha CBL, seasann bialanna agus seirbhísí cóiríochta amach mar gheall ar a dtionchar mór buiséadach agus an éifeacht athdháilte an-teoranta a bhaineann leo. Úsáid níos teoranta a bhaint as rátaí fabhracha CBL, chuideodh sé sin leis an gcóras cánach a shimpliú. D'ainneoin roinnt meastóireachtaí a rinneadh le déanaí (go háirithe, ón Institiúid Fhioscach Neamhspleách, AIReF), níl aon chur chuige córasach ann chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht caiteachais cánach. D'fhéadfadh cáilíocht an airgeadais phoiblí tairbhiú de thuiriscíú comhdhlúite feabhsaithe agus de mheasúnú córasach ar gach caiteachas cánach ar gach leibhéal críochach.
- (20) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.
- (21) Sa Spáinn, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), is luas é atá faoi bhun meánluas cur chun feidhme an Aontais i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun baint amach tapa na n-infheistíochtaí sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Spáinn ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais

¹³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 - Pacáiste an Earraigh, COM(2026)200 final.

chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. An tráth céanna, tá dúshlán fós le sárú ag an Spáinn maidir leis an mbeartas comhtháthaithe a chur chun feidhme go héifeachtach i réimsí an taighde agus na nuálaíochta, mímhaitseálacha scileanna, cuimsiú sóisialta, bainistiú riosca agus cosc an athraithe aeráide, agus tacaíocht d'aistriú cóir. Na hinfheistíochtaí nua a shaináithin an Spáinn ina hathbhreithniú meántearma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a shaináithnítear sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántearma⁽¹⁴⁾, tá sé rithábachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

- (22) Tá roinnt dúshlán roimh an Spáinn a bhaineann le hinbhuanaitheacht fhioscach, táirgiúlacht, infheistíocht éifeachtach mharthanach sa nuálaíocht, ualach rialála agus riaracháin, feidhmíocht an chórais cheartais, naisc idir an eolaíocht agus an gnó, rochtain ar mhaoiniú, oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht an bhonneagair, bainistiú uisce, an líonra leictreachais, soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne, bochtaineacht leanaí, mímhaitseálacha scileanna agus éifeachtúlacht an chórais cúraim sláinte.
- (23) Tá tús curtha ag an Spáinn le creat comhair chun scrogaill rialála a shaináithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, agus chun ilroinnt rialála ar fud na réigiún a laghdú; mar sin féin, ní mór na hiarrachtaí a mhéadú agus dlús a chur leo. Le 'Regime 20' déantar comhoibriú idir leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla riarachán na Spáinne a chumasú. Le linn 2025, rinneadh dul chun cinn i dtaobh réimsí amhail ceadúnais oscailte gnó, lipéadú digiteach, pointí luchtaithe a shuiteáil, deimhnithe éifeachtúlachta fuinnimh, suiteálacha ísealvoltais, agus scaipeadh rialála a laghdú. Leis an gcur chuige sin, déantar athchóirithe a chomhordú i réimsí an chomhaontaithe; mar sin féin, tá gá le hiarrachtaí breise chun dul i ngleic le bacainní ar scála níos mó. Bhainfeadh an Spáinn tairbhe as sásra chun na bacainní sin a shaináithint agus leas a bhaint as 'Scéim 20' chun athruithe níos struchtúrtha a chur chun feidhme. Thairis sin, tá sriantacht rialála an-ard i dtaobh an mhiondíola. Déanann an chastacht riaracháin sin difear do bhunú gnólachtaí mar gheall ar nósanna imeachta troma ceadúnaithe agus údaraithe, rud a chruthaíonn bacainní breise ar iontráil sa mhargadh agus ar infheistíocht sa mhargadh, agus a dhéanann dochar do thomhaltóirí. Bhainfeadh an Spáinn tairbhe as tuilleadh cóineasaithe ar rialacháin mhiondíola chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus chun tacú leis an iomaíocht, go háirithe i dtaobh miondíol cógas. Tá bacainní fós ar thrádáil earraí laistigh de LEE, amhail bacainní ar phacaíocht agus ar lipéadú. Mar gheall ar dhifríochtaí i rialacháin ar fud réigiúin na Spáinne, méadaítear costais chomhlíontachta a thuilleadh agus cruthaítear bacainní do ghnólachtaí atá ag feidhmiú idir réigiúin agus ó thíortha eile san Aontas, rud a laghdaíonn rogha agus a mhéadaíonn praghsanna do thomhaltóirí.
- (24) Tá sraith athchóirithe dlíthiúla tugtha isteach ag an Spáinn chun éifeachtúlacht eagraíochtúil, dhigiteach agus nós imeachta a chórais ceartais a fheabhsú; mar sin féin, braitheann a gcur chun feidhme éifeachtach ar infheistíocht leordhóthanach mharthanach a bheith soláthartha agus ar leithdháileadh cothrom na hinfheistíochta sin ar fud na réigiún. Tá ganntanas foirne in earnáil an cheartais, agus is beag breitheamh atá ann i gcomparáid le méid an daonra, mar aon le luathscor agus dlíthíocht atá ag dul

¹⁴ Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántearma.

i méid. Cuireann sé sin ualach nach beag ar bhreithiúna atá ar seirbhís agus cuireann sé le moilleanna breithiúnacha leanúnacha a mbíonn drochthionchar acu ar ghairmithe dlí, ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh. Ina theannta sin, éagothromaíochtaí ó thaobh leibhéal na digiteála ar fud na réigiún, mar aon le hidir-inoibritheacht theoranta idir córais bainistithe cásanna, tá siad fós ag cur bac ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht fhoriomlán na bpróiseas breithiúnach. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar fheidhmíocht an chórais ceartais trí fhoireann leordhóthanach a áirithiú, agus caighdeán earcaíochta á gcoinneáil ar bun an tráth céanna, mar aon le digitíú comhchuibhithe ar fud na réigiún agus idir-inoibritheacht iomlán na gcóras bainistithe cásanna chun an creat institiúideach a neartú agus borradh a chur faoin timpeallacht ghnó.

- (25) Tá infheistíocht phríobháideach íseal sa taighde agus san fhorbairt fós ina srian mór. Cuirtear bac ar fhorbairt gnó agus ar nuálaíocht mar gheall ar struchtúr gnó ilroinnte ina bhfuil micrifhiontair ar luach íseal chun tosaigh. Thug an Spáinn athchóirithe ábhartha isteach mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, amhail an Dlí maidir le Cruthú agus Fás Gnólachtaí agus an Dlí maidir le Gnólachtaí Nuathionscanta. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun deireadh a chur leis na bacainní airgeadais agus riaracháin a chuireann bac ar nuálaíocht ghnó agus chun an bhearna táirgiúlachta a laghdú.
- (26) Caiteachas teoranta na Spáinne ar an taighde agus ar an bhforbairt atá dáilte go míchothrom, tá sé comhchruinnithe go mór i roinnt réigiún, agus mar thoradh air sin, ní leor caiteachas foriomlán gnó ar an taighde agus ar an bhforbairt a spreagadh ar fud na tíre ar fad. Tá deis ann caiteachas poiblí ar an taighde agus ar an bhforbairt a mhéadú (d'fhonn 1,25 % de OTI a bhaint amach faoi 2030) agus a spleáchas ar chistí an Aontais a laghdú agus dáileadh críochach níos cothroime á áirithiú an tráth céanna. Infheistíocht phoiblí níos mó a chomhcheangal le dreasachtaí cánach spriocdhírthe agus le deontais chuíchóirithe, chuideodh sé sin le hinfeistíocht phríobháideach a phlódú isteach agus thacódh sé le hearnálacha ardluacha. Meastóireacht rialta *ex post* ar an meascán beartais nuálaíochta sa chríoch náisiúnta a dhéanamh, chuideodh sé sin le torthaí tráchtála a bhaint as an taighde agus le hinfeistíocht phríobháideach sa taighde agus san fhorbairt a ghíaráil agus, an tráth céanna, d'áiritheodh sé go ndíreofaí ar na spriocanna beartais foriomlána a bhaint amach.
- (27) Cuireann comhar lag idir an saol acadúil agus an tionscal teorainn le nuálaíocht ghnó agus le gnóthachain táirgiúlachta, d'ainneoin an Achta leasaithe um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht agus an Achta um Ollscoil. Thairis sin, bhí tionchar maolaithe ag scéimeanna poiblí a bunaíodh chun infheistíocht phríobháideach sa taighde agus san fhorbairt a dhreasú, go príomha mar gheall ar a gcineál casta agus an easpa dreasachtaí do ghnólachtaí agus don saol acadúil. Trí idirghabhálaithe eolais a threisiú, dreasachtaí in ollscoileanna agus in eagraíochtaí taighde poiblí a choigeartú i dtreo na nuálaíochta feidhmí, agus feabhas a chur ar an gcistíú feidhmíocht bhunaithe, spreagfaí aschuir speisialaithe chomhoibríocha taighde agus nuálaíochta in ollscoileanna agus in institiúidí taighde.
- (28) Tá rochtain ar mhaoiniú fáis fós ina srian tábhachtach ar leathnú gnólachtaí. Tá margaí caipitil fiontair agus cothromais fós tearcfhorbartha, ós rud é go bhfuil gnólachtaí Spáinneacha a chuireann maoiniú ar fáil fós ag brath go mór ar iasachtaí bainc. An tráth céanna, ní thacaíonn leithdháileadh coigiltis phríobháidigh go leordhóthanach le leathnú nuálach gnó. D'fhéadfaí infheistíochtaí cothromais agus caipitil fiontair trí scéimeanna pinsin fhorlionsaigh a spreagadh a thuilleadh trí uathchlárú a thabhairt isteach agus trí theorainneacha infheistíochta punainne a éascú. Ina theannta sin, i gcás

gnólachtaí nuathionscanta, is gá feabhas a chur ar a gcumais aistrithe eolais, ar a líonraí, ar a gcomhar agus ar thiontú a gcuid taighde ina nuálaíocht tráchtála. I dteannta a chéile, leanann na tosca sin de bhac a chur ar ath-leithdháileadh acmhainní i dtreo gníomhaíochtaí níos táirgiúla. Léiríonn an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)¹⁵ nach leor méid an mhargaidh agus go bhfuil easpa rochtana ar mhaoiniú cothromais i measc na bpríomhthosca is cúis le neamhábaltacht gnólachtaí óga méadú go tapa. Trí úsáid níos mó a bhaint as maoiniú margadhbhunaithe a chur chun cinn agus an nasc idir gnólachtaí agus rannpháirtithe sa mhargadh caipitil a fheabhsú, is féidir rochtain ar mhaoiniú a leathnú do ghnólachtaí. Thairis sin, an easpa éagsúlaithe éifeachtaigh i gcás foinsí maoinithe, tá tionchar aige sin ar dhinimiceas na hinfheistíochta príobháidí. De réir ECFE⁽¹⁶⁾, tuairiscíonn sciar mór de ghnólachtaí na Spáinne, go háirithe FBManna, go bhfuil an easpa maoinithe atá ar fáil ina bacainn fhadtéarmach mór ar infheistíocht in 2023.

- (29) Tá dúshlán ag baint le rialachas il-leibhéil na Spáinne maidir le freagairt chomhleanúnach do rioscaí aeráide atá ag dul i méid. Le comhordú neamhleor ar fud na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, laghdaítear éifeachtacht na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha nádúrtha, lena n-áirítear tuilte agus falscáithe. Tá sé ríthábhachtach comhordú ingearach (idir údarais náisiúnta agus réigiúnacha) agus comhordú cothrománach (ar fud na réigiún) a neartú. Ba cheart a chuimsiú leis sin freagrachtaí a shoiléiriú a thuilleadh agus forluí a laghdú i gcéimeanna an choisc, na hullmhachta, na freagartha agus an téarnaimh, chomh maith le sásraí faireacháin agus meastóireachta a neartú.
- (30) Tá acmhainní uisce na Spáinne fós faoi bhrú atá ag dul i méid mar gheall ar laghdúithe fadtéarmacha ar bháisteach agus ar phaca sneachta, teochtaí atá ag ardú agus tuire ithreach atá ag dul i méid. Bíonn strus uisce i limistéir mhóra sa tír, go háirithe i gceantair theas, intíre agus oileánacha níos tirime, agus sáraíonn an t-éileamh na hacmhainní atá ar fáil go hinbhuanaithe, is le tionscal, talmhaíocht, turasóireacht agus táirgeadh fuinnimh is mó a bhaineann an t-éileamh. Tá gá fós le tuilleadh iarrachtaí chun cur chuige níos inbhuanaithe a bhaint amach maidir le bainistiú uisce. Ba cheart a chuimsiú leis sin dreasachtaí praghsála níos láidre chun úsáid uisce níos éifeachtúla a chur chun cinn, comhordú agus cur chun feidhme feabhsaithe na mbeartas uisce ar gach leibhéal den riarachán agus nósanna imeachta cinnteoireachta cuíchóirithe. Ba cheart a bheith i gceist leis sin freisin cur chun feidhme éifeachtach na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, athúsáid uisce a uas-scálú agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar chun feidhmíocht agus athléimneacht an chórais bainistithe uisce a fheabhsú. Chun na críche sin, tá sé ríthábhachtach freisin tacú le réitigh dhúlrahunaithe a fhorbairt, lena n-áirítear athchóiriú abhann agus athshlánú docharlach.
- (31) Cé go bhfuil tacaíocht shubstaintiúil gearáilte ag an Spáinn dá hiarrachtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus leis an athrú aeráide a mhaolú, lena n-áirítear trí Chistí an Aontais, tá gá le bearta agus infheistíochtaí breise chun bonneagar criticiúil a chosaint, go háirithe iarnróid agus bóithre. Chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí aeráide,

¹⁵ An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (2025), *an Spáinn: Airteagal IV 2025 Comhairliúchán—Preaseisiúint; agus Tuarascáil Foirne*, Tuarascálacha Tíre Fhoireann CAI, Uimh. 2025/121. Le fáil ag: <https://doi.org/10.5089/9798229012782.002>.

¹⁶ An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (2025). *Suirbhéanna Eacnamaíochta ECFE: an Spáinn 2025* (Imleabhar 2025/22, mí na Samhna). Páras: Tuairisciú OECD. https://doi.org/10.1787/eco_surveys-esp-2025-en.

is gá scagadh córasach a dhéanamh ar shócmhainní móra, mar aon le bearta uasghrádaithe ardtionchair a chur chun feidhme. Chomh maith le feabhsuithe ar bhonneagar, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i réitigh dhúlra bhunaithe, lena n-áirítear foraoisí agus ithreacha atá inbhuanaithe agus athléimneach ó thaobh na haeráide de. Chuirfeadh sé sin feabhas freisin ar cheapadh carbóin trí fhalscáithe a chosc, foraoisí díghrádaithe a athchóiriú, agus éiceachórais ar mhórán carbóin a chosaint. Le réitigh dhúlra bhunaithe, ba cheart athléimneacht in aghaidh teagmhais fhoircneacha aeráide a neartú trí bhearta amhail athchóiriú bogach chun tuilte a rialú agus bainistiú ithreach chun tionchair triomaigh a laghdú.

- (32) Tá rioscaí móra do gheilleagar agus do shochaí na Spáinne ag baint le guaiseacha a bhaineann leis an aeráid. Idir 1980 agus 2024, bhí cailteanais mhóra dhaonna agus eacnamaíocha mar thoradh ar theagmhais adhaimsire, cailteanais ar fiú EUR 119.6 billiún iad. D’ainneoin na rioscaí sin a bhfuil méadú ag teacht orthu, tá cumhdach árachais aeráide fós réasúnta íseal sa réimse sin, rud a fhágann bearnaí sa chosaint airgeadais. Chun athléimneacht a neartú, ba cheart don Spáinn a creat maoinithe riosca tubaiste a threisiú chun inbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach a áirithiú, agus úsáid agus glacadh sásraí árachais aeráide á leathnú an tráth céanna.
- (33) Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an Spáinn maidir le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh agus go bhfuil ceann de na hacmhainneachtaí suiteáilte is airde aici maidir le cumhacht ghaoithe agus grianchumhacht san Aontas, tá gá le tuilleadh forbartha ar líonraí agus ar réitigh stórála chun tacú le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh i meascán fuinnimh na Spáinne. Tá dúshlán fós ann maidir le rochtain a fháil ar an eangach chomh maith le rochtain a aistriú go hoibríocht, rud a chuireann moill ar an aistriú chuig fuinneamh glan. Mar shampla, tá coinne le tionscadail bhreise atá ar na bacáin faoi láthair chun an toilleadh stórála iomlán a mhéadú ó 7.7 GW go 14.2 GW, faoi bhun sprioc 2030 de 22.5 GW. Ní mór don Spáinn na bearta is gá a dhéanamh chun athléimneacht agus solúbthacht a heangacha leictreachais a fheabhsú, agus chun deireadh a chur lena ‘modh oibríochta treisithe’ freisin. Chun cobhsaíocht na heangaí a áirithiú, tá gléasraí cumhachta gáis á n-úsáid go gníomhach ag an oibreoir córais tarchurtha chun cobhsaíocht voltais a choinneáil ar bun go dtí go gcuirfeadh tuilleadh athchóirithe agus infheistíochtaí chun feidhme chun rialú voltais a threisiú. Tá tuilleadh infheistíochtaí ag teastáil sa tír chun idirnascadh leictreachais trasteorann a mhéadú, rud atá ag 3,11 % agus fós i bhfad níos ísle ná sprioc 2030 de 15 %. Is féidir le próisis cheadúcháin chasta le haghaidh saoráidí tionsclaíochas agus an gá atá le bearta breise ó thaobh an éilimh de bac a chur ar infheistíochtaí i ndícharbónú na táirgthe monaraíochta sa tír. Astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar de bhóthar atá ard i gcónaí, tá siad fós ina bpríomhdhúshlán, arb ionann iad agus beagnach leath d’astaíochtaí comhroinnte díchill na Spáinne. Tá tuilleadh iarrachtaí ag teastáil chun go mbainfidh an Spáinn a spriocanna do 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. Go háirithe, bheadh gá le hinfeistíochtaí breise chun feabhas a chur ar an gcóimheas éifeachtúlachta fuinnimh i gcás foirgnimh phoiblí agus phríobháideacha, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar an dúshlán maidir le bochtaineacht fuinnimh, rud a dhéanann difear do 15.9 % den daonra iomlán, atá i measc na cinn is airde san Aontas, agus atá níos géire go háirithe ar theaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta. Tháinig méadú 2.6 % ar astaíochtaí ó fhoirgnimh in 2024 agus b’ionann iad agus thart ar 19 % de na hastaíochtaí iomlána sna hearnálacha comhroinnte díchill. Léiríonn sé sin dúshlán leanúnach a gcás fheidhmíocht fuinnimh an stoic foirgneamh agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá an spleáchas ar théamh agus ar fhuarú atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

- (34) Tá margadh tithíochta na Spáinne fós faoi bhrú mór mar gheall ar scrogaill leanúnacha soláthair, go háirithe i limistéir ardéilimh. In éineacht leis an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar thithíocht, tá sé sin ag cur brú aníos ar phraghsanna. Tá an ganntanas tithíochta is mó i gceantair uirbeacha agus i gcathracha, agus i limistéir chósta dianturasóireachta. Tá forbairt tithíochta nua a bhfuil géarghá léi srianta faoi láthair mar gheall ar roinnt tosca ó thaobh an tsoláthair de, lena n-áirítear infhaighteacht theoranta talún intógála, nósanna imeachta riaracháin malla agus próiseáil ceadanna. Trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin ar fhorbairt, agus spriocanna comhshaoil á gcosaint an tráth céanna, is féidir cuidiú le cuid de na srianta a chuir moill ar fhorbairt tithíochta a shárú. Thairis sin, tá méadú ag teacht ar an easpa dídine.
- (35) Tá ceann de na stoic tithíochta sóisialta is ísle ar fud an Aontais ag an Spáinn, mar atá níos lú ná 2 % den soláthar tithíochta iomlán i gcomparáid le meán an Aontais de thart ar 7 %. Cuireann sé sin leis an mbrú ar an margadh cíosa agus cuireann sé leis an méadú ar phraghsanna tithíochta. Thairis sin, tá an stoc tithíochta sóisialta atá ann cheana dáilte go míchothrom ar fud na tíre agus ní léiríonn sé riachtanais chríochacha ina bhfuil an t-éileamh níos suntasaí. Tá tionchar ag an dídhaonrú ar chuid mhór den tír, agus tá an méadú daonra comhchruinnithe i limistéir chósta agus timpeall réigiún na príomhchathrach. Tá sé rithábhachtach aghaidh a thabhairt ar an easnamh suntasach tithíochta sóisialta tríd an líon aonad tithíochta sóisialta a leathnú, go háirithe i limistéir a ndéanann srianta inacmhainneachta difear níos mó dóibh, chun beartas leasa shóisialta agus soláthar tithíochta inacmhainne a chur chun cinn. An tráth céanna, tá sé tábhachtach tithíocht shóisialta ar cíosa a chur chun cinn chun solúbthacht tionachta a sholáthar ar feadh an tsaoil agus chun freastal ar riachtanais athraitheacha teaghlach. Thairis sin, soláthraíonn sé rochtain dhíreach thráthuil ar theaghaisí inacmhainne gan gealltanas fadtéarmach, costais iontrála bhreise ná srianta incháilitheachta a bheith ag teastáil i gcomparáid le scéimeanna ceannaigh tithíochta sóisialta. Ar deireadh, tá an córas tithíochta sóisialta fós ag brath go mór ar mhaoiniú rialtais. Chun a inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú, ní mór sásraí maoiniúcháin intuartha a bhunú freisin, amhail trí thorthaí a athinfheistiú nó trí scéimeanna cistí imrothlacha, rud a chuideoidh lena spleáchas ar an mbuiséad náisiúnta a laghdú.
- (36) Is dúshlán nach beag fós í bochtaineacht leanaí sa Spáinn, i gcomhthéacs an leibhéil fhoriomlán ard bochtaineachta agus neamhionannais ioncaim atá ard i gcónaí. In 2024, bhí níos mó ná leanbh amháin as gach ceathrar sa Spáinn i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, rud a fhágann go bhfuil an tír i measc na ngníomhaithe is laige san Aontas. Tá grúpaí áirithe an-leochaileach, go háirithe leanaí i dteaghlaigh aontuismitheora nó i dteaghlaigh mhóra, iad siúd a bhfuil leibhéil ísle oideachais ag a dtuismitheoirí, chomh maith le leanaí Romacha agus iad siúd de bhunadh imirceach. Cé gur chuir bearta a rinneadh le déanaí le roinnt feabhsuithe, léiríonn an staid laigí níos leithne sna córais cosanta sóisialta agus sochar, lena n-áirítear i dtéarmaí dháileadh an chaiteachais shóisialta ó ghlúin go chéile agus acmhainní fíoscacha teoranta ann. Níl ach acmhainneacht theoranta ag aistriú sóisialta chun an bhochtaineacht a laghdú, go háirithe i measc leanaí. Tá difríochtaí réigiúnacha fós ann i rátaí bochtaineachta agus i dtionchar na n-aistriú sóisialta, rud a léiríonn cumhdach míchothrom agus rochtain mhíchothrom ar shochair agus ar sheirbhísí ar fud na gcríoch, go háirithe i gceantair thuaithe, d'ainneoin roinnt dul chun cinn le blianta beaga anuas. Tá an comhordú idir seirbhísí agus tairbhí sóisialta, sláinte agus fostaíochta náisiúnta agus réigiúnacha fós srianta mar gheall ar inniúlachtaí ilroinnte, critéir incháilitheachta ilchineálacha agus ionstraimí forluiteacha. D'fhéadfadh tuilleadh comhordaithe tacaíocht níos cuimsithí agus níos leanúnaí a áirithiú. Tá méadú tagtha ar ghlacadh na scéime náisiúnta ioncaim íosta (Ingreso Mínimo

Vital - IMV) agus an fhorlíonta tacaíochta ghaolmhair do leanaí (Complemento de Ayuda para la Infancia - CAPI) a ghabhann léi, ach tá sé fós faoi bhun an ráta féideartha, agus tá sciar nach beag ann de theaghlaigh incháilithe nach bhfaigheann tacaíocht fós mar gheall ar ualaí riaracháin, nósanna imeachta casta incháilitheachta agus feasacht theoranta. Neartófaí tionchar an tsochair ach glacadh, leordhóthanacht agus beartais ghníomhachtúcháin ghaolmhara a mhéadú a thuilleadh agus inoiriúnaitheacht IMV a fheabhsú d'athruithe ar imthosca teaghlaigh. Cé go raibh sé d'aidhm ag coigeartuithe a rinneadh le déanaí feabhas a chur ar dhreasachtaí oibre, ní léir a n-éifeachtacht go fóill. Thairis sin, dá neartófaí conairí cuimsithe shóisialta trí thacaíocht ioncaim a chomhcheangal ar bhealach níos córasaí le seirbhísí sóisialta saincheaptha, chuirfí tuilleadh feabhais ar thorthaí do ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Is gá freisin an caiteachas poiblí a athchothromú i dtreo beartais lena dtacaítear le leanaí agus le daoine óga amhail oideachas, rochtain ar thithíocht, agus fostaíocht. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin go léir, ní mór éifeachtúlacht, leordhóthanacht agus cumhdach an chúnamh shóisialta a fheabhsú a thuilleadh, agus comhleanúnachas níos fearr á áirithiú an tráth céanna idir aistrithe airgid, tacaíocht chomhchineáil, tacaíocht ghníomhachtaithe agus sochair chánach, rud a rannchuideodh le tacú leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim de chuid sheirbhísí an Choimisiúin de réir an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta⁽¹⁷⁾.

- (37) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriaíl straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i dtaobh réimse na scileanna agus réimse an oideachais, ar dhúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an Spáinn in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.
- (38) Cé go leanann an córas gairmoideachais agus gairmoiliúna de bheith ag forbairt agus go bhfuil feabhas tagtha ar chlárú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint ar gach leibhéal, tá neamhréireanna leanúnacha scileanna a eascraíonn as mí-ailíntithe struchtúracha idir an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus an t-ardoideachas araon agus riachtanais mhargadh an tsaothair fós ann. Tá easpa cáilíochtaí idirmheánacha ann mar gheall ar chlárú íseal sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint meánleibhéil, go háirithe i gcás réimsí ETIM, agus tá géarghanntanas scileanna ann i gcás earnálacha teicniúla áirithe, amhail an earnáil tógála agus an earnáil monaraíochta. Tá clárú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint an-mhíchothrom ar fud na réigiún freisin. D'ainneoin an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint uile a bheith déach go foirmiúil ó rinneadh an t-athchóiriú ar an gcóras le déanaí, níor cuireadh gairmoideachas agus gairmoiliúint déach in úsáid go hiomlán go fóill. Ó thaobh an ardoideachais, léiríonn an Spáinn ardleibhéil gnóthachtála oideachais threasaigh, ach tá ganntanais fós ann i réimsí ardéilimh amhail TFC, innealtóireacht agus cúram sláinte. Cé go léiríonn céimithe ó chlár gairmoideachais agus ghairmoiliúna a bhaineann le ETIM agus ó chlár ardoideachais torthaí láidre fostaíochta - rud a léiríonn éileamh ard ar na speisialtóireachtaí sin - tá an baol ann go

¹⁷ [SWD\(2026\)1225 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta, 2026, Convergence Framework \(SCF\), 2026.](#)

gcuirfidh rátaí ísle rannpháirtíochta, míchothromaíochtaí inscne agus luathfhágáil chláir ETIM srian ar chumas na Spáinne nuálaíocht a chothú agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach. Thairis sin, tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach fós íseal agus míchothrom, rud a chuireann teorainn le deiseanna athscilithe agus a bhunaíonn míbhuntáistí luatha.

- (39) Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Spáinn maidir le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna (ELET) a laghdú, ach tá an ráta fós ard. Cé go bhfuil laghdú tagtha air le blianta beaga anuas, tá sé fós i bhfad os cionn mheán an Aontais agus sprioc 2030 an Aontais ar aon. Tá difríochtaí réigiúnacha fós ann agus tá luathfhágáil comhchruinnithe go háirithe i measc grúpaí leochaileacha. Tá beagnach trí oiread níos mó seans ann go bhfágfaidh daoine óga a rugadh ar an gcoigríoch an t-oideachas go luath ná a bpiaraí a rugadh sa tír, tá leibhéil i bhfad níos ísle gnóthachtála meánscoile uachtaraí ag Romaigh óga ná mar atá ag an bpobal i gcoitinne, agus déantar difear díréireach do dhaoine óga faoi mhíchumas. Tá bearnaí idir na hinscíní fós ann chomh maith, agus tá rátaí níos airde i measc na bhfear ná i measc na mban. Tá méadú tagtha de réir a chéile ar theareghnóthachtáil i gcás bunscileanna ó bhí 2012 ann, rud a leathnaíonn an bhearna idir feidhmíocht na Spáinne agus sprioc an Aontais maidir le sciar na scoláirí lagchumasacha sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a laghdú faoi bhun 15 % faoi 2030. Tá difríochtaí réigiúnacha nach beag ann i gcás bunscileanna freisin, agus tá scóir níos ísle ná an meán náisiúnta á dtairfeadh go comhsheasmhach i roinnt réigiún.
- (40) D'ainneoin torthaí sláinte réasúnta maith a bhaint amach, tá dúshlán fós ann maidir le rochtain ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh sa Spáinn, rud a dhéanann difear diúltach do shláinte a daonra, don chothroime shóisialta agus don táirgiúlacht. Tá sé rithábhachtach acmhainneachtaí an chúraim príomhúil agus an chúraim fhadtéarmaigh a mhéadú chun rochtain a fheabhsú agus leordhóthanacht a áirithiú de réir mar a mhéadaíonn daonra atá ag dul in aois an t-éileamh ar na seirbhísí sin. Cé go bhfuil sé d'aidhm ag an bPlean Gníomhaíochta um Phríomhchúram agus um Chúram Pobail 2025-27 acmhainneacht cúraim príomhúil a leathnú, agus d'ainneoin na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí arb é is aidhm dóibh cúram fadtéarmach a dhí-institiúidiú, tá gá fós le tuilleadh iarrachtaí chun ganntanais lucht saothair, difríochtaí réigiúnacha agus tréimhsí feithimh a laghdú, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí infheistíochta leanúnacha.
- (41) Tá dúshlán mhóra roimh an Spáinn maidir le cúram sláinte agus lucht saothair an chúraim fhadtéarmaigh. Orthu sin, tá struchtúr aoise, dáileadh éagothrom gairmithe, agus easnaimh réamh-mheasta dochtúirí ginearálta, altraí agus speisialtóirí eile. Tá dálaí oibre dúshlánach i gcónaí freisin, rud a bhaineann an bonn de cháilíocht agus de tharraingteacht post. Chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí sin, d'fhéadfadh an Spáinn bearta a ghlacadh chun feabhas a chur ar earcú agus coinneáil tallainne agus chun dálaí oibre a fheabhsú, lena n-áirítear trí oiliúint athchothromaithe, róil ghairmiúla nua a leathnú, lena n-áirítear i gcás altraí, solúbthacht a mhéadú, digitiú, cothromaíocht inscne, neamhfhoirmiúlacht i ngairmeacha cúraim a laghdú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras sealanna. Is dúshlán nach beag fós iad difríochtaí réigiúnacha ó thaobh rochtain agus cháilíocht na seirbhísí, ar measa fós iad mar gheall ar ghanntanais foirne. Ní mór measúnú breise a dhéanamh ar an athchóiriú ar chúram príomhúil agus ar a thionchar réigiúnach, agus ní mór dul chun cinn éagsúil a dhéanamh maidir le comhtháthú cúraim ar fud na réigiún. Ba cheart don Spáinn samhlacha dea-chleachtais a ghlacadh, faireachán iomchuí a bhunú agus tascairí réigiúnacha a úsáid. Thairbheodh seirbhísí de chomhordú feabhsaithe ar an leibhéal

náisiúnta, réigiúnach agus tras-seirbhíse (i measc na n-earnálacha sláinte, sóisialta, fostaíochta agus oideachais). Cuirtear bac breise ar rochtain ar sheirbhísí mar gheall ar thréimhsí feithimh atá ag dul i méid. Bhunaigh an Spáinn Meitheal um Liostaí Feithimh in 2024 chun bainistiú na liostaí agus sonraí a thabhairt le chéile ar fud na bPobal Féinrialaitheach, ach tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh sin trí fhoireann spriocdhírthe, triáis dhigiteach, agus trí bhainistiú liostaí feithimh a chomhchuíbhíú.

- (42) Cé go mbaineann córas sláinte na Spáinne torthaí láidre sláinte amach go ginearálta ar chostas réasúnta íseal, meastar go dtiocfaidh méadú nach beag ar chaiteachas ar chúram sláinte sna blianta amach romhainn de réir mar a chuirfidh athruithe déimeagrafacha brú níos mó ar an airgeadas poiblí. Chun inbhuanaitheacht a áirithiú agus leordhóthanacht na seirbhísí á caomhnú an tráth céanna, d'fhéadfaí bearta a dhíriú ar na hacmhainní atá ann cheana a uasmhéadú trí ghnóthachain éifeachtúlachta. D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach i seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh trí acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos fearr, tríd an leibhéal spleáchais a aicmiú ar bhealach níos fearr agus trí chúram comhfhreagrach na dtairbhíthe. Ina theannta sin, d'fhéadfaí iarrachtaí a dhíriú a thuilleadh ar dhí-institiúidiú agus ar chúram pobail. Comhordú níos fearr an chúraim fhadtéarmaigh le seirbhísí cúraim sláinte, chuirfeadh sé le córais níos éifeachtúla freisin. A mhéid a bhaineann le cúram príomhúil, bheadh seachadadh níos éifeachtúla mar thoradh ar infheistíochtaí sa digitiú idir-inoibritheach, sa teililíogheas agus sa chosc. Laistigh de raon feidhme a Athbhreithnithe Caiteachais 2018-2020, tá gníomhaíochtaí molta ag AIReF chun éifeachtúlacht a neartú i réimsí an chaiteachais ar an gcógaisíocht agus na hospidéil, rud a fhágann go bhfuil deiseanna coigiltis nithiúla ann. Tá deis ag an Spáinn feabhas a chur ar chógais chineálacha agus ar rátaí glactha bithshamlacha i roinnt catagóirí teiripeacha. Trí aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí agus trí fheabhas a chur ar mheastóireacht ar chaiteachas ar an gcógaisíocht agus ar dhifríochtaí réigiúnacha gan údar maidir le costais nósanna imeachta agus oidis leighis, is féidir éifeachtúlacht a fheabhsú freisin. I ndáil leis an méid sin, bhainfeadh an Spáinn tairbhe as moltaí AIReF a chur chun feidhme chun éifeachtúlacht caiteachais a mhéadú trí fhaireachán feabhsaithe a dhéanamh ar chaiteachas cánach chun an spás fíoscach is gá a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna caiteachais cúraim sláinte atá ag dul i méid.
- (43) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Spáinne, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéir euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéir euro, cuidíonn moladh (3) leis an seachtú moladh, an ochtú moladh agus an naoú moladh maidir leis an limistéir euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéir euro, cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéir euro agus cuidíonn moladh (6) le cur chun feidhme an dara mholadh agus an chúigiú moladh maidir leis an limistéir euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Spáinn in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. I bhfianaise na neamhréireachta atá réamh-mheasta do 2026 ag an gCoimisiún i leith na conaire glanchaiteachais a mholtar, a áirithiú go n-urramófar leis an

nglanchaiteachas na huasrátaí fáis a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint an tráth céanna as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas níos airde ar chosaint. Caiteachas agus ullmhacht i réimse na cosanta a threisiú agus éifeachtúlacht caiteachais a áirithiú an tráth céanna, agus an buiséad a oiriúniú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir de a chothú. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh in aon bheart a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint agus ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fíoscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fíoscach an Aontais. An tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaíthe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. Inbhuanaitheacht fhíoscach a neartú, go háirithe trí theorainn a chur le caiteachas cánach, agus fás a chosaint agus tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal an tráth céanna. Éifeachtúlacht caiteachais a mhéadú trí fhaireachán feabhsaithe a dhéanamh ar chaiteachas cánach agus trí athbhreithnithe caiteachais a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. Dlús a chur leis na hiarrachtaí cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme, rud arbh é an dúshraith a bheadh faoi, i gcásanna inarbh iomchuí, ath-leithdháileadh tosaíochtaí straitéiseacha agus solúbthachtaí san athbhreithniú meántearma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.
3. Táirgiúlacht agus nuálaíocht a chothú tríd an ualach riaracháin agus ilroinnt rialála i measc réigiún a laghdú, lena n-áirítear deireadh a chur le bacainní ar mhiondíol agus ar shaorghluaiseacht earraí. Feidhmíocht an chórais ceartais a fheabhsú trí fhoireann leordhóthanach, digitíú comhchuibhithe agus idir-inoibritheacht iomlán ar fud na réigiún a áirithiú. Nuálaíocht, leathnú agus uas-scálú gnó a éascú lena ndírítear ar earnálacha ardluacha, lena n-áirítear trí thacú le hinfheistíochtaí cobhsaí sa taighde agus san fhorbairt, trí chomhar níos láidre idir an tionscal agus an saol acadúil a chur chun feidhme agus trí rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, go háirithe ar chaipiteal fiontair.
4. Dlús a chur leis an gcomhordú maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ar fud na leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Feabhas a chur ar bhainistiú agus rialachas uisce, agus athchúrsáil fuíolluisce uirbigh a uas-scálú. Bonneagar criticiúil a oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear iarnróid agus bóithre, agus réitigh dhúlra bhunaithe a chur chun cinn chun rioscaí gaolmhara a mhaolú. An creat maoinithe tubaistí a fhorbairt a thuilleadh. Infheistíocht a dhéanamh i stóráil fuinnimh, i dtarchur agus i ndáileadh leictreachais agus in idirnáisc leictreachais trasteorann. Dícharbónú na tionsclaíochta agus leictriú an iompair a chothú.
5. An stoc tithíochta a leathnú, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála, próisis cheadúcháin a chuíchóiriú, infhaighteacht talún a éascú agus an cuspóir a athrú i gcás stoc foirgneamh tearcúsáidte. Soláthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta a mhéadú, agus tús áite á thabhairt do roghanna cíosa, ar bhealach atá ailínithe níos fearr le riachtanais chríochacha agus réigiúnacha agus atá bunaithe ar chórais maoinithe inbhuanaithe nach bhfuil chomh spleách céanna ar mhaoiniú rialtais.

6. Aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí, lena n-áirítear trí chaiteachas sóisialta a athchothromú ó ghlúin go chéile agus trí fheabhas a chur ar chumhdach agus leordhóthanacht na n-aistrithe sóisialta agus an chúnaimh shóisialta agus ar an nasc atá acu le gníomhachtú, rud a laghdóidh neamhionannais ioncaim a thuilleadh. Mímheaitseálacha scileanna a laghdú tríd an ghairmoideachas agus an ghairmoiliúint déach, agus ábharthacht an ardoideachais agus na foghlama aosáí don mhargadh saothair a neartú a thuilleadh agus béim á leagan ar ETIM. Bunscileanna a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil na scoile. Rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú trí acmhainneachtaí an chúraim phríomhúil agus an chúraim fhadtéarmaigh a mhéadú, trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus trí thréimhsí feithimh a laghdú. Aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha maidir le rochtain ar dheiseanna agus ar sheirbhísí, go háirithe i limistéir ina bhfuil dídhaonrú tapa, agus éifeachtúlachtaí a mhéadú an tráth céanna lena gcruthaítear spás fíoscach chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna caiteachais atá ag dul i méid.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*